

**RABHADH**

Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

**STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL**  
(180 MARC)

DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 3.30

STAMPA AN IONAIID

SCRÚDUIMHIR

FREAGAIR GACH CEIST 1, 2, 3 AGUS 4.

FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN CHUIGE SIN  
AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR.

FREAGAIR CEIST 4 I DO FHREAGARLEABHAR.

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO  
THOIL**

**1. PICTIÚIR**  
(35 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir, **A, B, C1, C2** agus **C3**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) **PICTIÚR A**

*Taispeánann pictiúr A radharc ó Chath Hastings.*

- (i) Ainmnigh ceann **amháin** de na huirlisí troda atá á n-úsáid sa chath.  
..... (3)
- (ii) Ainmnigh bealach **amháin** a bhfuil na saighdiúirí sa phictiúr ag iarraidh iad féin a chosaint ó ghortú.  
.....  
..... (3)
- (iii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas ó na Meánaoiseanna agus mínigh an téarma a roghnaíonn tú:  
*Giústáil*                       *Léigear*                       *Ridireacht*   
.....  
..... (4)

(b) **PICTIÚR B**

*Taispeánann pictiúr B teach ina raibh díshealbhú ar tí tarlú sna 1800idí.*

- (i) Cén fáth a gceapann tú go raibh an doras agus na fuinneoga druidte acu?  
.....  
..... (3)
- (ii) Is sagart é an fear atá marcáilte le X. Cén fáth a gceapann tú go mbeadh seisean ann, b'fhéidir?  
.....  
..... (4)
- (iii) Ba mhinic a thagadh cairde agus comharsana le chéile ag teach ina raibh díshealbhú ar tí tarlú. Cén fáth a gceapann tú go dtagaidís?  
.....  
.....  
..... (4)

(c) **PICTIÚIR C1, C2 agus C3**

*Taispeánann pictiúir C1, C2 agus C3 póstaer ón Dara Cogadh Domhanda. Tá teachtaireacht dhifriúil ag gach póstaer.*

(i) Cad atá an póstaer i bpictiúr C1 ag iarraidh ar dhaoine a dhéanamh?

.....  
..... (3)

(ii) Cad atá an póstaer i bpictiúr C2 ag iarraidh ar dhaoine a dhéanamh?

.....  
..... (3)

(iii) Cén fáth a bhfuil dúnmharú á chur i leith na mná i bpictiúr C3?

.....  
.....  
..... (4)

(iv) Luaigh cosúlacht **amháin** atá ag na teachtaireachtaí sna póstaer i bpictiúr C2 agus C3 lena chéile?

.....  
.....  
..... (4)

[Thall

**2. DOICIMÉID**  
(35 marc)

Déan staidéar ar an dá dhoiciméad, 1 agus 2, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) **Doiciméad 1**

*Staráí agus príosúnach ag caint faoi éalú an phríosúnaigh as campa príosúin Gearmánaigh le linn an Dara Cogadh Domhanda.*

(i) Cén lá ar éalaigh siad?  
..... (2)

(ii) Cad a coinníodh sa stóras?  
..... (2)

(iii) Cén fáth nach raibh na príosúnaigh chun aon duine a lámhach?  
.....  
..... (3)

(iv) Cad a bhéic sé ar na gardaí chun an bhacainn a oscailt?  
.....  
..... (3)

(v) Cén fhianaise atá ann go raibh na príosúnaigh cliste?  
.....  
.....  
..... (3)

(vi) Cuir tic i gceann **amháin** de na boscaí agus mínigh an téarma ó staidéar ar an stair nó ar an tseandálaíocht:  
*Músaem*                       *Bolscaireacht*                       *Déantáin*   
.....  
.....  
..... (4)

(b) **Doiciméad 2**

*Le linn an Dara Cogadh Domhanda buamáladh mórán cathracha Eorpacha. Sa sliocht seo déanann bean amháin cur síos ar an taithí a bhí aici féin mar pháiste.*

- (i) Cén pháirt de Learpholl a bhí na Gearmánaigh ag iarraidh a bhuamáil?  
..... (2)
- (ii) Cár chodail an bhean agus a deartháir?  
..... (2)
- (iii) Cár thosaigh siad ag codladh cúpla seachtain ina dhiaidh sin?  
.....  
..... (3)
- (iv) Cén fáth nach raibh a máthair ag iarraidh orthu dul ar scoil?  
.....  
..... (3)
- (v) Is foinse phríomhá an cuntas seo. Ainmnigh **dhá** chineál eile d'fhoinsí phríomhá.  
.....  
..... (4)
- (vi) Mínigh an fáth ar féidir leis an eolas a fhaightear i bhfoinsí staire a bheith mícheart in amanna?  
.....  
.....  
..... (4)

### 3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

(60 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc an ceann iad.

- (i) Cén **dá** mhiotal a mheasc daoine in Éirinn anallód chun cré-umha a chruthú?  
..... (6)
- (ii) Cuir tic i gceann **amháin** de na boscaí agus mínigh an téarma sin ó hÉirinn anallód:  
*Crannóg*                       *Draoi*                       *Fulacht Fia*   
..... (6)
- (iii) I mainistir, cén sórt oibre a rinneadh i dteach screaptra?  
..... (6)
- (iv) Ainmnigh seirbhís **amháin** a chuir mainistir ar fáil don phobal i dtús Ré na Críostaíochta in Éirinn.  
..... (6)
- (v) Mínigh cad a bhí i gceist le caisleán *móta agus bábhún*.  
..... (6)
- (vi) Le linn na hAthbheochana cad a bhí i gceist le *pátrún*?  
..... (6)
- (vii) Ainmnigh dealbhóir **amháin** ón Athbheochan agus dealbh **amháin** dá chuid.  
Dealbhóir: .....  
Dealbh: ..... (6)
- (viii) Ainmnigh scríbhneoir **amháin** ón Athbheochan agus saothar **amháin** dá chuid.  
Scríbhneoir: .....  
Saothar: ..... (6)
- (ix) Cén fáth go raibh an clóphreas chomh tábhachtach sin do scaipeadh smaointeacha agus oideachais?  
.....  
..... (6)
- (x) Tabhair **dhá** chúis ar ceapadh go raibh taisteal farraige dainséarach sna Meánaoiseanna.  
.....  
..... (6)

(xi) Cuir tic le duine **amháin** díobh seo ó Ré na Taiscéalaíochta agus tabhair fíric mhór **amháin** ina thaobh:  
*An Prionsa Anraí an Loingseoir*  *Christopher Columbus*  *Ferdinand Magellan*

.....  
..... (6)

(xii) Ainmnigh fadhb **amháin** san Eaglais Chaitliceach thart ar an mbliain 1500.  
..... (6)

(xiii) Ainmnigh leasaitheoir reiligiúnach **amháin** ón Reifirméisean agus an chathair/tír lenar bhain sé.  
Leasaitheoir:..... Cathair/Tír: ..... (6)

(xiv) Luaigh bealach **amháin** ina raibh teagasc na bprotastúnach difriúil ó theagasc na hEaglaise Caitlicí.  
..... (6)

(xv) Cuir tic i gceann **amháin** de na boscaí agus mínigh an fáth ar mhéadaigh an fhorbairt sin an méid bia a d'fhéadfadh feirmeoirí a tháirgeadh le linn na Réabhlóide Talmhaíochta:  
*Sioladóir*  *Uainíocht na mBarr*  *Póru roghnach*   
..... (6)

(xvi) Tabhair fáth **amháin** ar thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch sa Bhreatain.  
..... (6)

(xvii) Tabhair **dhá** chúis leis an an saol a bheith míthaitneamhach i gcathracha na Breataine thart ar an mbliain 1850.  
..... (6)

(xviii) Cén t-ainm a bhí ar an ngalar a scrios na prátaí aimsir an Ghorta Mhóir?  
..... (6)

(xix) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas ón nGorta Mór (1845-50) agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:  
*Long báis*  *Oibreacha fóirithinte*  *Teach anraith*   
..... (6)

(xx) Cuir tic le téarma staire **amháin** díobh seo a leanas agus mínigh an téarma a roghnaíonn tú:  
*Réabhlóid*  *Cogadh Cathartha*  *Cinsireacht*   
..... (6)

**4. PEARSANA SA STAIR**  
(50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Seandálaí i mbun oibre.**

LEIDEANNA: \* Ag roghnú láithreach \* Na huirlisí a úsáideadh  
\* Deacrachtaí ar an láthair thochailte \* Dátaí a chur leis na déantáin (25)

(ii) **Duine a chónaigh i sibhialtacht ársa TAOBH AMUIGH d'Éirinn.**

LEIDEANNA: \* Tithíocht \* Siamsaíocht  
\* Reiligiún \* Nósanna adhlactha (25)

(iii) **Ceardaí a chónaigh i mbaile meánaoiseach.**

LEIDEANNA: \* Traenáil \* Fadhbanna sa bhaile meánaoiseach  
\* Conas a bheith i do mháistircheardaí \* Siamsaíocht (25)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Duine a fuair talamh le linn na bplandálacha in Éirinn.**

LEIDEANNA: \* An fáth a bhfuair tú talamh \* Do thuairim faoi na hÉireannaigh dúchasacha  
\* Ceannaire a thug an talamh \* Athruithe mar gheall ar an bplandáil (25)

(ii) **Ceannaire réabhlóideach a ainmníonn tú (i Meiriceá nó sa Fhrainc nó in Éirinn) le linn Thréimhse na Réabhlóidí, 1770-1815.**

LEIDEANNA: \* Luathshaol \* Tuairimí  
\* Príomhimeachtaí na réabhlóide \* Torthaí na réabhlóide (25)

(iii) **Ceannaire tábhachtach polaitiúil in Éirinn, sa Tuaisceart nó sa Deisceart, sa tréimhse 1922-1985.**

LEIDEANNA: \* Luathshaol \* Tuairimí  
\* Príomhéachtaí \* Torthaí a c(h)uid oibre (25)

**NÓ**

**Seanduine ag caint faoi athruithe móra atá tarlaithe in Éirinn san fhichiú haois.**

LEIDEANNA: \* Tithíocht \* Obair  
\* Oideachas \* Siamsaíocht (25)